

Polasaí ar Fhoréigean

De réir Acht 1989 agus Acht 1993, tá sé de dhualgas ar bhainistíocht na scoile a chinntiú go bhfuil an scoil sláintiúil agus sábháilte do fhoireann, do scoláirí agus do chuariteoirí na scoile. Ní mór foréigean a chur san áireamh agus cosaint ina aghaidh.

Cosaint:

- Déanfar athbhreithniú go rialta ar éifeacht ‘An Cód Iompair’, ‘An Cód Bulaíochta’ agus ‘An Cód Sábháilteachta’ sa scoil.
- Déanfar teangmháil rialta idir an scoil agus an baile.
- Más maith le tuismitheoir labhairt le múinteoir, ní mór coinne a dhéanamh roimh ré.
- Níl cead ag tuismitheoirí dul chuig doras an tseomra ranga nuair atá rang ar siúl.
- Pléifear Cód Iompair na Scoile le tuismitheoirí go luath sa scoilbhliain nua.
- Má tá scoláire ionsaitheach, bagrach nó foréigeanach le múinteoir, is gníomhanna tromchúiseacha iad seo agus is féidir scoláire a chur ar fionraí dá bharr.
- Má bhíonn achrann, troid nó eachtra ionsaithe ann, iarrtar ar mhúinteoirí iarracht a dhéanamh na daoine a chiúiniú síos nó a dhéanamh socair sul a ndéantar fiosrú ar an scéal.

Céimeanna le leanacht má dhéantar ionsaí ort:

- Má dhéantar ionsaí ort de bharr airgid nó maoin, ná seas ina aghaidh.
- Cuir in iúl don Phríomhoide, don Leas-Phríomhoide nó don Múinteoir i bhFeighil é.
- Cuir in iúl do na Gardaí é más gá. **Tá sé seo le déanamh ag an ball fóirne atá i gceist.**
- Scríobh cuntas cruinn air agus fág cóip ag an bPríomhoide.
- Má dhéanann **scoláire** ionsaí ar mhúinteoir, ba cheart deileáil leis/léi de réir Cód Smachta na Scoile.
- Má dhéanann **tuismitheoir/caomhnóir** ionsaí ar mhúinteoir, cuirfear scéal chuige/chuici láithreach, i scríbhinn, ag inseacht dó/di gan teangmháil a dhéanamh leis an múinteoir sin le linn fiosruchán iomlán a bheith á dhéanamh ag bainistíocht na scoile.

- **Má chuirtear ionsaí ar scoláire i leith an mhúinteora**, cuirfear in iúl don mhúinteoir, i scríbhinn, gan teangmháil a dhéanamh leis an scoláire fhad is atá an fiosrú iomlán ar siúl.

Séard is ciall le Bainistíocht Scoile ná an Bord Bainistíochta, An Príomhoide/Múinteoir i bhFeighil nó Coiste Gairmoideachais Cho. na Gaillimhe de réir mar a fheileann sé.

Nóta: Tá seirbhís náisiúnta siceolaíochta na Roinne Oideachais ar fáil do mhúinteoirí in Ionad na Múinteoirí i gCluain Mhuire i nGaillimh, Guthán 091-773242.